# BEARTAS MAIDIR LE HÚSÁID SEOMRAÍ CRUINNITHE

Tá sé mar aidhm ag Rannóg Leabharlanna Poiblí Chomhairle Contae Fhine Gall ("an "Leabharlann") freastal ar an bpobal agus soláthar do riachtanais **chathartha agus shibhialta, pobail, oideachais agus áineasa** shaoránaigh Fhine Gall. Faoi réir cheanglais na Leabharlainne, féadtar seomraí cruinnithe a chur ar fáil do ghrúpaí ag freastal ar a riachtanais ar na coinníollacha seo a leanas:-

1. Cuirtear seomraí cruinnithe ar fáil faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas i gcónaí
   - ceanglais agus riachtanais na Leabharlainne
   - lánrogha na Leabharlainne
   - an gá timpeallacht shábháilte, shíochánta, urramach, chuimsitheach a sholáthar inar féidir bheith ag léamh, ag staidéar agus ag tabhairt cuairte ar an leabharlann.
   - a chinntiú nach ndéanfadh úsáid seomraí cruinnithe cur isteach ar úsáideoirí Leabharlainne/foireann na Leabharlainne nó aon chonstaic a chruthú i bhfoirgneamh leabharlainne agus a bailiúcháin
   - inrochtaineacht na seomraí cruinnithe a chur chun cinn ar fud raon leathan grúpaí pobail,
1. Ní bhainfear úsáid as na seomraí cruinnithe sa Leabharlann chun na críocha seo a leanas
   - cuspóirí fiontraíochta, tráchtála nó gnó
   - chun brabús a dhéanamh, airgead a thiomsú, deonúcháin a bhailiú nó earraí a dhíol
   - mar ionad buan cruinnithe nó mar sheoladh poist

2. Cuirtear áirithintí le haghaidh spás cruinnithe ar fáil ar bhonn an té is túisce a lorgaíonn é, agus ní féidir áirithint a dhéanamh níos mó ná 3 mhí roimh ré.
3. Is gá do gach cruinniú a bheith **saor in aisce agus oscailte don phobal** agus is gá é a reáchtáil de réir cheanglais na Leabharlainne.
4. Caithfear a chinntiú nach gcuirfidh cruinnithe isteach ar fheidhmeanna rialta na leabharlainne, nach mbeidh siad rómhór don uaslíon daoine ceadaithe don seomra cruinnithe, nach n-imeoidh siad ó smacht agus nach mbeidh siad dainséarach do dhaoine nó do mhaoin.
5. Forchoimeádann an leabharlann an ceart, ar a lánrogha, chun
   - iarratais a ghlacadh, a athnuachan nó diúltú dóibh le haghaidh úsáid seomra
   - teorainn a chur le líon na gcruinnithe in aghaidh an ghrúpa

- teorainn a chur le líon na ndaoine ag freastal ar chruinnithe

- áirithintí a chur ar ceal.

  Déanfaidh an Leabharlann gach iarracht réamhfhógra a thabhairt i gcás go bhfuil sé i gceist áirithint a chur ar ceal.

6. Má thugtar cead úsáid a bhaint as seomra cruinnithe de chuid na Leabharlainne ní hé sin le rá, ná bíodh sé le fios, go bhformhuiníonn na Leabharlann aidhmeanna, beartais nó gníomhaíochtaí aon ghrúpaí nó go dtacaíonn sí le haon tuairimí a nochtar sa chruinniú.
7. Ainmneoidh gach grúpa an duine i bhfeighil ar ghá di/dó a bheith i láthair ag gach cruinniú. Cuirfidh an té i bhfeighil é/í féin ar an eolas faoi na gnáthaimh aslonnaithe éigeandála le haghaidh an tseomra cruinnithe ar leith agus beidh an té sin freagrach as aslonnú sábháilte na ndaoine go léir atá ag freastal ar an gcruinniú.
8. Cloífidh gach duine a bheidh i láthair ag cruinniú le hiarratais a dhéanfaidh aon bhall foirne, an foirgneamh a aslonnú.
9. Déanfar athbhreithniú leanúnach ar úsáid seomraí ar mhaithe le cothrom na féinne a thabhairt do gach úsáideoir i limistéar Fhine Gall.

Iúil 2013